Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2026
(OR. en)

9719/26
ADD 1

EF 161
ECOFIN 675
DELACT 92

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3334 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis atá le háireamh san iarratas ar údarú mar sholáthraí rátálacha ESG agus san iarratas ar aitheantas a thabhairt do sholáthraí rátálacha ESG |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3334 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 3334 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.5.2026
C(2026) 3334 final

ANNEXES 1 to 5

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis atá le háireamh san iarratas ar údarú mar sholáthraí rátálacha ESG agus san iarratas ar aitheantas a thabhairt do sholáthraí rátálacha ESG**

## IARSCRÍBHINN I

## TAGAIRTÍ DOICIMÉID

Beidh an tábla seo a leanas, arna chomhlánú de réir mar is iomchuí, ag gabháil leis an bhfaisnéis atá le soláthar in iarratas ar údarú nó ar aitheantas faoi Iarscríbhinní II, III, IV agus V:

| **Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo** | **Uimhir thagartha an doiciméid** | **Teideal an doiciméid** | **Caibidil, roinn nó leathanach an doiciméid ina soláthraítear an fhaisnéis nó an chúis nach soláthraítear an fhaisnéis** |
|---|---|---|---|
| … | | | |
| … | | | |
| … | | | |
| … | | | |

## IARSCRÍBHINN II

### FAISNÉIS ATÁ LE SOLÁTHAR IN IARRATAS AR ÚDARÚ NÓ AR AITHEANTAS

**Cuid A – Faisnéis Ghinearálta**

(a) ainm iomlán an iarratasóra;

(b) seoladh oifig chláraithe an iarratasóra laistigh den Aontas [Ballstát, cathair, seoladh sráide, cód poist] nó seoladh oifig chláraithe an iarratasóra lasmuigh den Aontas [tír, cathair, seoladh sráide, cód poist], de réir mar is ábhartha;

(c) hipearnasc chuig suíomh gréasáin an iarratasóra;

(d) i gcás ina mbeidh sí ar fáil, uimhir aitheantóra eintitis dhlítheanaigh (LEI) an iarratasóra.

**Cuid B – Sonraí an teagmhálaí**

(a) ainm;

(b) teideal;

(c) seoladh;

(d) seoladh ríomhphoist;

(e) uimhir theileafóin.

**Cuid C – Stádas dlíthiúil**

Cruthúnas ar stádas dlíthiúil an iarratasóra, amhail sliocht as an gclár ábhartha tráchtála nó cúirte nó fianaise choibhéiseach eile.

**Cuid D – Struchtúr úinéireachta**

(a) airteagail chomhlachais an iarratasóra;

(b) struchtúr úinéireachta an iarratasóra, ina sonraítear an méid seo a leanas:

  (i) céatadán an chaipitil;

  (ii) cineál an ghabháltais (díreach nó indíreach);

  (iii) céatadán de chearta vótála na n-úinéirí ábhartha;

(c) cairt ina leagtar amach na naisc úinéireachta idir an t-iarratasóir, a mháthairghnóthas nó a mháthairghnóthais agus a fhochuideachtaí, agus gach gnóthas san áireamh sa chairt arna sainaithint lena n-ainm dlíthiúil iomlán.

**Cuid E – Gníomhaíochtaí**

Le haghaidh gach gnóthais a áirítear sa chairt dá dtagraítear i bpointe (c) de Chuid D) a dhéanann gníomhaíochtaí rátála ESG nó aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2024/3005:

(a) an cineál gníomhaíochta a dhéantar, lena léirítear an gníomhaíocht rátála ESG í nó aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 16(1), de Rialachán (AE) 2024/3005;

(b) i gcás inarb infheidhme, ainm an údaráis inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ngníomhaíocht lena mbaineann.

**Cuid F – Bainistíocht shinsearach**

(a) cairt eagraíochtúil ina sonraítear struchtúr eagraíochtúil an iarratasóra, lena n-áirítear sainaithint shoiléir ar ról, dualgais agus freagrachtaí gach comhalta den bhainistíocht shinsearach.

(b) i gcás gach comhalta den bhainistíocht shinsearach:

(i) ainm;

(ii) áit bhreithe;

(iii) dáta breithe;

(iv) ról i mbainistíocht shinsearach an iarratasóra;

(v) curriculum vitae ina léirítear ar a laghad leibhéal na cáilíochta, na taithí agus na hoiliúna;

(vi) cruthúnas nach ann do thaifid choiriúla a bhaineann le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, soláthar seirbhísí airgeadais nó seirbhísí sonraí, gníomhartha calaoise nó claonchasaidh, trí dheimhniú oifigiúil.

Chun críocha phointe (b)(vi), i gcás nach bhfuil an deimhniú sin ar fáil sa tír lena mbaineann, féindearbhú ar dhea-cháil agus údarú do ESMA faisnéis a iarraidh ar na húdaráis lena mbaineann maidir le cé acu a ciontaíodh nó nár ciontaíodh an comhalta sin i gcion coiriúil i ndáil le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, soláthar seirbhísí airgeadais nó seirbhísí sonraí nó i ndáil le gníomhartha calaoise nó claonchasaidh.

**Cuid G - Acmhainní foirne**

(a) an líon anailísithe rátála a bhfuil baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí rátála ESG agus achoimre ar a dtaithí fhoriomlán tionscail, a leibhéal oiliúna agus a leibhéal sinsearachta;

(b) seachas an fhoireann dá dtagraítear i bpointe (a), an líon fostaithe agus daoine eile atá ag obair don iarratasóir a bhfuil baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí rátála ESG mar aon le hachoimre ar thaithí an tionscail, an leibhéal oiliúna agus an leibhéal sinsearachta de réir réimse freagrachta, agus atá ag gabháil d’aon cheann díobh seo a leanas:

(i) modheolaíochtaí a fhorbairt agus a athbhreithniú;

(ii) sonraí a bhailiú agus a anailísiú;

(iii) córais teicneolaíochta faisnéise, acmhainní, beartais inmheánacha agus nósanna imeachta an tsoláthraí rátálacha ESG is gá chun Rialachán (AE) 2024/3005 a chomhlíonadh a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil.

Chun an próiseas iarratais a chuíchóiriú, ba cheart an fhaisnéis a sholáthraítear a bheith ar leibhéal na foirne nó an ghrúpa daoine a dhéanann na gníomhaíochtaí.

**Cuid H – Cumhdach margaidh a bhfuil coinne leis**

(a) an líon táirgí rátála ESG a bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir iad a sholáthar san Aontas.

(b) i gcás gach táirge rátála ESG a bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir é a sholáthar san Aontas:

(i) ainm an táirge sin;

(ii) tuairisc ar an táirge sin;

(iii) an líon nó an líon ionchasach míreanna rátáilte a chumhdaítear.

**Cuid I – Nósanna imeachta agus modheolaíochtaí rátálacha ESG**

(a) maidir le gach táirge rátála ESG a léirítear de bhun Chuid H, tuairisc ar na nósanna imeachta agus na modheolaíochtaí is infheidhme chun rátálacha ESG a eisiúint, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(i) cé acu atá nó nach bhfuil coinne ag an iarratasóir le húsáid a bhaint as faisnéis a nochtar faoi Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2];

(ii) cé acu atá nó nach bhfuil coinne ag an iarratasóir le modheolaíochtaí a úsáid atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus cé acu a chuireann nó nach gcuireann sé spriocanna agus cuspóirí Chomhaontú Pháras nó aon chomhaontú idirnáisiúnta ábhartha eile san áireamh;

(b) nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar rátálacha ESG;

(c) nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí rátála ESG.

**Cuid J – Beartais nó nósanna imeachta maidir le coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a bhainistiú agus a nochtadh**

Na beartais nó na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an iarratasóir maidir le haon choinbhleacht leasa dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/3005 a shainaithint, a bhainistiú agus a nochtadh, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(a) tuairisc ar bhealaí tuairiscithe inmheánacha chun faisnéis a fháil agus a láimhseáil arna soláthar ag daoine a thuairiscíonn sáruithe iarbhír nó féideartha ar phrionsabal an neamhspleáchais agus ar bhearta lena n-áirithítear cosaint chéannacht na ndaoine sin;

---

1 Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2088/oj).

2 Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

(b) an próiseas athbhreithnithe agus formheasa maidir le hionduchtú cliant nua, déileáil cuntas pearsanta fostaithe, gníomhaíochtaí gnó seachtracha agus glacadh le bronntanais agus aíocht;

(c) na critéir chun luach saothair na ndaoine dá dtagraítear i gCuid G a chinneadh;

(d) téarmaí tagartha le haghaidh an chomhlachta bainistíochta.

**Cuid K – Socruithe seachfhoinsithe**

I gcás inarb infheidhme, doiciméid agus faisnéis a bhaineann le haon socrú seachfhoinsithe atá ann cheana nó atá beartaithe le haghaidh gníomhaíochtaí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2024/3005, lena n-áirítear:

(a) an beartas seachfhoinsithe nó doiciméid eile lena léirítear comhlíonadh cheanglais Iarscríbhinn II, pointe 2, a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3005;

(b) cóip d'aon chomhaontú seachfhoinsithe atá ann cheana.

**Cuid L – Gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear formhuinithe a bhfuil coinne leo**

I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi ghníomhaíochtaí tráchtála eile an iarratasóra, lena n-áirítear:

(a) ainm agus tuairisc ar aon ghníomhaíocht ghnó eile a dhéanann an t-iarratasóir, nó a bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir í a dhéanamh;

(b) i gcás inarb infheidhme, ainm an údaráis inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a).

**Cuid M – Bearta sonracha atá le cur chun feidhme ag an iarratasóir**

(a) i gcás aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1), pointí (c), (d) agus (f), de Rialachán (AE) 2024/3005, faisnéis maidir leis na bearta sonracha a chuir an t-iarratasóir i bhfeidhm i gcomhréir le [Caighdeán Teicniúil Rialála maidir le Gnó a Dheighilt]:

(b) míniú ar an bhfáth a measann an t-iarratasóir go bhfuil na bearta dá dtagraítear i bpointe (a) leordhóthanach.

**Cuid N – Gníomhaíochtaí rátála ESG roimhe seo**

I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi ghníomhaíochtaí rátála ESG roimhe seo, lena n-áirítear:

(a) aon cheadúnas ábhartha atá ina seilbh, lena léirítear a dtréimhsí bailíochta;

(b) aon táirge rátála ESG a soláthraíodh roimhe sin agus nach léirítear faoi Chuid H;

(c) ainm an eintitis dhlíthiúil faoina ndearnadh na gníomhaíochtaí sin;

(d) i gcás inarb infheidhme, ainm an údaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin.

## IARSCRÍBHINN III

## TÁ FAISNÉIS SHONRACH BHREISE LE SOLÁTHAR IN IARRATAS AR AITHEANTAS DO SHOLÁTHRAITHE RÁTÁLACHA ESG ATÁ BUNAITHE LASMUIGH DEN AONTAS

**Cuid A - Ionadaí dlíthiúil sa Bhallstát tagartha**

I ndáil leis an ionadaí dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2024/3005:

(a) ainm iomlán;

(b) an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), i gcás ina bhfuil fáil air;

(c) airteagail chorpraithe, airteagail chomhlachais nó doiciméid bhunreachtúla eile;

(d) faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil maoirseacht á déanamh air agus ainm an údaráis maoirseachta;

(e) deimhniú i scríbhinn ó údarás an ionadaí dhlíthiúil chun gníomhú thar ceann an tsoláthraí rátálacha ESG i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2024/3005;

(f) ainm, teideal, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin teagmhálaí laistigh den ionadaí dlíthiúil.

**Cuid B – Faisnéis maidir le bearta comhlíontachta**

Maidir le ceanglais Rialachán (AE) 2024/3005 a chomhlíonadh, soláthróidh soláthraithe rátálacha ESG an méid seo a leanas:

(a) measúnú arna dhéanamh ag an ionadaí dlíthiúil ar leordhóthanacht na mbeart a chuir an soláthraí rátálacha ESG i bhfeidhm;

(b) tuairisc ar na bearta a chuir an t-ionadaí dlíthiúil i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht ar bhonn leanúnach.

**Cuid C – Faisnéis maidir le láimhdeachas**

I gcás gach ceann de na 3 bliana as a chéile roimhe sin:

(a) cóip de thuarascálacha airgeadais bliantúla an tsoláthraí rátálacha ESG, le haghaidh na 3 bliana as a chéile roimhe sin, lena n-áirítear ráitis airgeadais aonair agus chomhdhlúite, i gcás inarb infheidhme.

(b) na tuarascálacha iniúchóireachta maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla agus chomhdhlúite dá dtagraítear i bpointe (a), i gcás ina bhfuil siad sin faoi réir iniúchtaí seachtracha neamhspleácha;

(c) i gcás nach mbeidh aon tuarascáil iniúchóireachta dá dtagraítear i bpointe (b) ar fáil, measúnú arna dhéanamh ag iniúchóir seachtrach neamhspleách nó deimhniú ó údarás inniúil an tríú tír ina bhfuil an soláthraí rátálacha ESG bunaithe, ar ghlanláimhdeachas bliantúil a ghníomhaíochtaí uile.

**Cuid D – Faisnéis maidir le rátálacha ESG a bheartaítear a dháileadh san Aontas**

Liosta, i bhformáid .csv, de rátálacha ESG iarbhír nó ionchasacha atá beartaithe ar dháta an chur i bhfeidhm lena bhfoilsiú nó lena ndáileadh san Aontas.

**Cuid E – Faisnéis maidir le gníomhaíochtaí lasmuigh den Aontas**

I gcás inarb infheidhme, maidir le gníomhaíochtaí an tsoláthraí rátálacha ESG lasmuigh den Aontas:

(a) ainm an údaráis inniúil tríú tír atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh air;

(b) seoladh an údaráis inniúil tríú tír sin;

(c) gníomhaíocht a bhfuil an soláthraí rátálacha ESG ceadúnaithe nó maoirsithe ina leith;

(d) dátaí faoi seach a raibh an soláthraí rátálacha ESG ceadúnaithe nó maoirsithe ina leith.

# IARSCRÍBHINN IV

## TÁ FAISNÉIS SHONRACH BHREISE LE SOLÁTHAR I gCOMHTHÉACS FHORMHUINIÚ RÁTÁLACHA ESG

Léiriú ar cé acu atá nó nach bhfuil údarú á iarraidh ag an soláthraí rátálacha ESG chun rátálacha ESG arna soláthar ag soláthraí rátálacha ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/3005 a fhormhuiniú, agus i gcás ina bhfuil, maidir le gach formhuiniú a bhfuil coinne leis:

(a) ainm, agus i gcás ina mbeidh fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI), na n-eintiteas dlítheanach óna bhformhuineofar na rátálacha ESG;

(b) an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Chuid H, Iarscríbhinn II den Rialachán seo le haghaidh gach táirge rátála ESG atá le formhuiniú;

(c) cúiseanna oibiachtúla le gach táirge rátála ESG a fhormhuiniú;

(d) na bearta a chuir an soláthraí rátálacha ESG i bhfeidhm chun comhlíonadh Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2024/3005 a áirithiú.

## IARSCRÍBHINN V

## TÁ FAISNÉIS SHONRACH BHREISE LE SOLÁTHAR I gCOMHTHÉACS TAGARMHARCANNA A SHOLÁTHAR

Léiriú ar cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí rátálacha ESG ag iarraidh go n-údarófaí dó tagarmharcanna a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2024/3005 agus, i gcás ina bhfuil, an méid seo a leanas:

(a) na bearta sonracha dá dtagraítear sa mhéid atá curtha i bhfeidhm ag an iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 3 de [Caighdeán Teicniúil Rialála maidir le Gnó a Dheighilt];

(b) measúnú ar an bhfáth a measann an t-iarratasóir gur leor na bearta dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) faisnéis maidir le cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn an Soláthraí Rátálacha ESG tagarmharcanna, nó maidir le maidir le cé acu atá sé beartaithe aige nó nach bhfuil sé beartaithe aige tagarmharcanna a sholáthar, lena saothraítear cuspóirí inbhuanaitheachta, go háirithe Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (23a), de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], nó Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (23b), den Rialachán sin.

[3] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1011/oj).